CINNEADH (AE) 2021/1055 ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Meitheamh 2021

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh I gComhdháil na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiúin maidir le bailiú, le taisceadh agus le glacadh dramhaíl a tháirgtear le linn loingseoireachta ar an Réin agus ar uiscebhealaí intíre eile (CDNI) a mhéid a bhaineann le glacadh an rúin arb é is aidhm dó an cosc ar sceitheadh fuíolluisce tí a leathnú chuig soithí uiscebhealaí intíre a iompraíonn idir 12 agus 50 paisinéir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Coinbhinsiún maidir le bailiú, le taisceadh agus le glacadh dramhaíl a tháirgtear le linn loingseoireachta ar an Réin agus ar uiscebhealaí intíre eile (CDNI) an 9 Meán Fómhair 1996, tháinig sé i bhfeidhm an 1 Samhain 2009.

(2) De bhun Airteagal 19 den CDNI, féadfaidh Comhdháil na bPáirtithe Conarthacha CDNI agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis a leasú.

(3) Le gníomhaíocht ón Aontas in earnáil na loingseoireachta intíre, ba cheart é a bheith d'aidhm aonfhoirmeacht a áirithiú i gceanglais theicniúla a chuirtear i bhfeidhm san Aontas, a mhéid a bhaineann le soithí uiscebhealaí intíre san Aontas.

(4) Le linn an chruinnithe a bheidh ag Comhdháil na bPáirtithe Conarthacha sa CDNI an 22 Meitheamh 2021 tá sí chun rún a ghlacadh arb é is aidhm dó an cosc ar sceitheadh fuíolluisce tí a leathnú chuig soithí uiscebhealaí intíre a iompraíonn níos mó ná 12 phaisinéir agus soithí cábáin paisinéirí ag a bhfuil níos mó ná 12 leaba codlata. Faoi fhorálacha an rúin sin beifear faoi oibleagáid an trealamh iomchuí a shuiteáil ar bord soithí a thagann faoi raon feidhme an rúin sin.

(5) Sa chaighdeán teicniúil le haghaidh soithí loingseoireachta intíre (ES-TRIN 2019/1), a ghlac an Coiste Eorpach um ullmhú caighdeán i réimse na loingseoireachta intíre (CESNI) an 8 Samhain 2018, leagtar síos ceanglais theicniúla aonfhoirmeacha atá riachtanach chun sábháilteacht soithí uiscebhealaí intíre a áirithiú. Cuimsítear ann forálacha speisialta maidir le catagóirí sonracha soithí amhail soithí paisinéirí, forálacha maidir le trealamh agus suiteálacha soithí, lena n-áirítear saoráidí bailithe fuíolluisce agus saoráidí diúscartha fuíolluisce chomh maith le treoracha le haghaidh chur i bhfeidhm an chaighdeáin theicniúil sin.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhdháil na bPáirtithe Conarthacha sa CDNI a bhunú, ós rud é go mbeidh forálacha an rúin in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, eadhon Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).

(7) Leis an rún, ba cheart an chomhsheasmhacht leis na ceanglais a leagtar síos le dlí an Aontais a mhéadú, go príomha i réimse na ndátaí infheidhmeachta maidir leis an trealamh iomchuí a shuiteáil chun fuíolluisce a bhailiú ar shoithí uiscebhealaí intíre. Ina theannta sin, leis an dréachtrún, cuirtear go mór le tionscnaimh agus cuspóirí cosanta comhshaoil.

([1]) Treoir (AE) 2016/1629 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 lena leagtar síos ceanglais theicniúla le haghaidh soithí uiscebhealaí intíre, lena leasaítear Treoir 2009/100/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/87/CE (IO L 252, 16.9.2016, lch. 118).

(8) Níl an tAontas ina Pháirt Conarthach sa CDNI. Tá seasamh an Aontais le cur in iúl ag Ballstáit an Aontais atá ina bPáirtithe Conarthacha sa CDNI, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leasa an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is é seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhdháil na bPáirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiúin maidir le bailiú, le taisceadh agus le glacadh dramhaíl a tháirgtear le linn loingseoireachta ar an Réin agus ar uiscebhealaí intíre eile (CDNI), ag a cruinniú uaithi an 22 Meitheamh 2021, comhaontú le glacadh an rúin arb é is aidhm dó an cosc ar sceitheadh fuíolluisce tí a leathnú chuig soithí uiscebhealaí intíre a iompraíonn idir 12 agus 50 paisinéir.

Airteagal 2

Na Ballstáit sin den Aontas atá ina mbaill de Comhdháil na bPáirtithe sa CDNI, cuirfidh siad an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais.

Airteagal 3

Féadfar teacht ar chomhaontú maidir le mionathruithe ar na seasaimh dá dtagraítear in Airteagal 1 gan cinneadh eile ón gComhairle.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, 21 Meitheamh 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES